M.A. i dTeagasc Teangacha output 28th Feb08_Layout 1 23/11/2009 14:24 Page 1

M.A.
(Teagasc Teangacha - Gaeilge)

Cúlra

Tá ceist theagasc na Gaeilge go mór i mbéal an phobail anois agus is maith ann an díospóireacht! Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag cur an chúrsa iarchéime lán-Ghaeilge seo ar fáil le hoiliúint ionghairme i dteagasc teangacha, i dteagasc na Gaeilge go háirithe a chur ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge na tíre. Ar an chúrsa, pléifear na saincheisteanna comhaimseartha a bhaineann le teagasc teangacha.

Cuspóirí

Ar chríochnú an chúrsa beidh na hiarrthóirí ar an eolas maidir le:

- Teoiricí insealbhaithe agus foghlama na chéad agus an dara teanga.
- Modheolaíochtaí agus cur chuige i dteagasc teangacha.
- Pleanáil agus polasaí – don Ghaeilge agus don Churaclam.
- Dearadh agus seachadadh ceachtanna teanga sna ceithre scil teanga.
- Éagsúlacht chumais agus riachtanais foghlaimeoirí
- An Ghaeilge Bheo sa seomra ranga.

Beidh ocht modúl ar an chúrsa páirtaimseartha seo a mhaireann ar feadh dhá bhliain acadúla. Seachadtar an cúrsa ag an deireadh seachtaine.

Eagraítear an cúrsa ar bhonn uaireanta foghlaim-threoraithe, seimineár, ceardlann agus taithí phraiticiúil.

EOLAS	
Cód PAC:	GYA71
Cód NUIG:	1MTT2
Modh Staidéir:	Páirtaimseartha
Áiteanna ar Fáil	20
Spriocdháta:	02/04/2010
Dáta tosaigh:	Meán Fómhair 2010

Meáchan ECTS - Meáchan 90 ECTS

Táille

Seol rphost chuig fiona.nichualain@oegaillimh.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi tháillí.

Riachtanais Iontrála

Fáilteofar roimh iarratais ó mhúinteoirí le:

- bunchéim onóracha sa Ghaeilge (2.2 ar a laghad) móide Dioplóma Iarchéime san Oideachas (ADO) nó Postgraduate Diploma in Education (H.Dip. in Education)

nó

- bunchéim onóracha (2.2 ar a laghad) móide Dioplóma Iarchéime san Oideachas (ADO) nó Postgraduate Diploma in Education (H.Dip. in Education) nó T.T.G

nó

- Gaeilge acadúil sa B.Oid. (2.2 ar a laghad) nó a chomhionann

nó

- Céim phas sa B. Oid. nó céim phas móide Dioplóma Iarchéime san Oideachas (ADO) nó Postgraduate Diploma in Education (H.Dip. in Education) móide cúig bliana de thaithí mhúinteoireachta

Beidh ardchaighdeán Gaeilge de dhíth ar iarrthóirí.

Measúnú

Beidh idir mheasúnú leanúnach, mhiontionscadail agus phortfóilió múinteoireachta le cur i gcrích ag gach foghlaimeoir.
Beidh tráchtas 15,000 focal le scríobh chomh maith.

Deiseanna Fostaíochta

Bheadh an iarchéim seo ina cuidiú ag múinteoirí Gaeilge agus iad ag lorg ardú céime i suíomh scoile. Bheadh an M.A. tábhachtach ag múinteoirí / scoileanna agus iad ag dul i mbun phleanáil shiollabas na Gaeilge agus / nó pholasaí Gaeilge na scoile. Bheadh an M.A. ina chéad chéim i dtreo Ph. D.

Modúil an Chúrsa

Teideal an Mhodúil	ECTS
Bliain 1	
Teoiricí maidir le hInsealbhú agus Próiseas Foghlama Teanga	**10**
Modheolaíochtaí Teagasc Teangacha	**10**
Oiliúint Phraiticiúil	**10**
Modheolaíochtaí Taighde	**5**
Bliain 2	
Teicneolaíocht Faisnéise agus Caidrimh i bhFoghlaim agus i dTeagasc Teangacha	**5**
Éagsúlacht agus Riachtanais na Foghlama	**10**
Polasaí agus Pleanáil don Ghaeilge	**5**
An Ghaeilge Bheo sa Seomra Ranga	**5**

Stiúrthóir an Chúrsa
Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:
Peadar Mac Muiris
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Fón: 091 495299.
R-phost: peadar.macmuiris@oegaillimh.ie

M.A. i dTeagasc Teangacha output 28th Feb08_Layout 1 23/11/2009 14:24 Page 2

Iarratas a dhéanamh ar an gcúrsa

Déan iarratas ar líne, le do thoil, ag an suíomh www.pac.ie. D'fhéadfadh athrú teacht ar spriocdháta an chúrsa. Tá eolas cothrom le dáta faoi spriocdháta na gcúrsaí uile le fáil ar na suímh seo a leanas www.pac.ie nó www.oegaillimh.ie/acadamh

Is cóir na cáipéisí seo a leanas a théann le d'iarratas a sheoladh chuig Ionad na nIarratas Iarchéime ag an seoladh seo a leanas: Ionad na nIarratas Iarchéime, 1 Cearnóg Theach na Cúirte, Gaillimh, Éire.

- Cóip oifigiúil de do chuid torthaí céime tríú leibhéal. Más rud é go bhfuil tú ag fanacht le torthaí deiridh do chéime, seol tras-scríbhinn de thorthaí deiridh do chéime chomh luath agus a bheidh siad sin ar fáil. Scríobh teideal an chláir ar chuir tú isteach air ar an taobh eile den fhoirm iarratais agus de na cáipéisí tacaíochta cuí.

- Cóip de do theastas breithe. Más mac léinn/iar-mhac léinn ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh tú, ní gá cóip oifigiúil de do chuid torthaí céime tríú leibhéal ná cóip de do theastas breithe a sheoladh isteach.

Tá an t-eolas atá ar an mbróisiúr seo cruinn tráth a fhoilsithe. Tharlódh, áfach, go leasófaí sonraí áirithe a bhaineann le leagan amach agus reáchtáil na gcúrsaí faoin am a gcuirfear tús leis na cúrsaí.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Guthán: 00 353 91 49 52 99
R-phost: peadar.macmuiris@oegaillimh.ie

OÉ Gaillimh
NUI Galway

M.A.
(TEAGASC TEANGACHA - GAEILGE)

Páirtaimseartha: Dhá Bhliain Acadúla (Cód PAC: GYA71)

"An múinteoir i scoil Ghaeltachta thú?"

"An múinteoir i nGaelscoil nó i nGaelcholáiste thú?"

"An múinteoir Gaeilge i scoil Bhéarla thú?"

"Ar mhaith leat céim M.A. i dteagasc na Gaeilge a fháil?"

www.oegaillimh.ie/acadamh